Teileafóin agus Leathanbhanda -
Treoir do Dhaoine le Míchumais agus do Sheanóirí.



Tá an Treoir a leanann seo mar thoradh ar an saothar mór atá déanta ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM), ComReg, an earnáil teileachumarsáide, lena n-áirítear oibreoirí na línte seasta agus na dteileafón gluaiste, agus eagrais ionadaíochta na míchumasach, ina measc:

- BT Communications Ireland,
- Eircom,
- Hutchison 3G Ireland ,
- Meteor ,
- O2 Communications Ireland,
- Vodafone Ireland,
- Daoine le Míchumas in Éirinn,

- Cónaidhm Míchumais na hÉireann ,
- Comhairle Náisiúnta na nDall,
- Cumann Náisiúnta na mBodhar,

Is mian leis an ÚNM agus ComReg buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe go léir as a bhfuil déanta acu, agus aitheantas a thabhairt gur as cur le chéile a d'éirigh linn an Treoir seo a fhoilsiú.

Seirbhísí Teileafóin Úsáideacha.

Tá roinnt seirbhísí ar thairiscint ag soláthraithe seirbhísí teileafóin a chuireann ar chumas daoine le míchumais cumarsáid níos éasca a dhéanamh. Lena fháil amach go bhfuil siad seo ar fáil, déan teagmháil leis na soláthraithe ar leith. Tá na sonraí teagmhála ag deireadh an bhróisiúir seo.

SMS go hUrlabhra: Seo seirbhís a dhéanann téacsanna a thiontú go caint ionas go dtig leat éisteacht leis na focail. Bheadh a leithéid an-úsáideach dá mbeadh deacracht agat ag léamh na bhfocal agus mura bhfuil teileafón agat cheana féin le cumas ann chun an téacs a thiontú ina chaint.

Seirbhís Athsheachadta Téacs: Ligeann an tseirbhís seo duit teachtaireachtaí gutha a ghlacadh ar fhón téacs trí thiontú téacs a chur orthu. Is féidir leat ansin an téacs céanna a chur go dtí an fón téacs atá aon chustaiméir atá ag soláthraí seirbhíse ar bith.

Glaonna Físe: Ceadaíonn seo cumarsáid ag úsáid físe beo idir dhá fhón láimhe. Faoi láthair, níl an tseirbhís seo ar fáil ach amháin ar ghléasanna so-ghluaiste (fóin póca) atá feistithe le líonra 3G (seasann 3G don 'Tríú Glúin'lenar féidir leat seirbhísí mar an Idirlín nó Teachtaireacht eandaracha a úsáid ar fhón póca má tá cumas 3G ann).

Fiosrúcháin Eolaí Teileafóin Saor in Aisce: Cuireann oibreoirí áirithe seirbhísí fiosrúcháin eolaí teileafóin ar fáil saor in aisce do dhaoine nach bhfuil ábalta an leabhar teileafóin a úsáid de bharr míchumais éigin.

Tuairiscí faoi Sheachadadh: Tá an áis seo coitianta go leor ar na fóin póca agus tugann sé teachtaireacht duit shaor in aisce ag deimhniú go bhfuair an faighteoir an teachtaireacht téacs atá curtha agat nó nach bhfuair.

Áiseanna acracha de theileafóin seasta agus d'fhóin póca.

D'fhéadfadh roinnt de na háiseanna seo a leanas a bheith cabhrach leat. Tá siad ar fáil ar chuid de ghléasanna láimhe na dteileafón seasta (ar a dtugtar freisin an teileafón baile nó an líne baile) agus ar fhóin póca. Déan teagmháil le soláthraí do sheirbhíse (an gnólacht teileafóin a chuireann an tseirbhís teileafóin ar fáil duit) chun a fháil amach an féidir leo trealamh leis na háiseanna seo a sholáthar. Tá na sonraí teagmhála na soláthraithe seirbhíse go léir ag deireadh an bhróisiúir seo.

Eochracha Móra: Tá eochracha ar chuid de na fóin atá níos mó ná na gnáth-eochracha. Bíonn siad scoite go maith ó chéile agus cuas nó lag beag orthu agus ponc nó mol beag ard ar an uimhir 5. Is minic a bhfaigheann daoine na heochracha seo i bhfad níos éasca le húsáid má tá deacracht acu ag feiceáil nó ag láimhseáil feistíní beaga rialaithe.

Gan Lámha: Seo fón is féidir a úsáid gan na lámha a úsáid toisc go bhfuil mícreafón agus callaire istigh ann. Is féidir é seo a bheith úsáideach má tá deacracht agat fón láimhe a ionramháil.

Comhoiriúnach le háis éiseachta: Tá fóin ar fáil ar féidir a úsáid le háis éisteachta (fón comhoiriúnach le háis éisteachta) agus má tá allaíre nó fadhbanna éisteachta ort is minic gur éasca go mór iad seo a úsáid. Chun an áis seo a úsáid is cóir an áis éisteachta a shocrú ar an marc 'T'.

Gléasanna cinn: Is féidir fóin áirithe á úsáid le cluasán nó le gléas cinn. Is féidir é seo a nascadh tríd an seac beag caighdeánach a chur i soicéad an fhóin chinn nó é a nascadh le 'Bluetooth'gan sreang ar bith. Is é Bluetooth an ainm atá ar theicneolaíocht lenar féidir cumarsáid a dhéanamh idir ghléasanna gan sreang ar bith a úsáid. Tá cáilíocht na nglaonna níos fearr de réir daoine áirithe agus tá sé níos éasca le húsáid más cur amach gutha atá uait.

Cur amach gutha: Tá cur amach gutha ar fáil ar roinnt de na fóin póca a labhraíonn amach na roghchláir agus téacs faisnéise eile a bhíonn ar an dtaispeáint. Mura bhfuil tú ábalta an téacs ar an dtaispeáint a léamh déanann an cur amach gutha an chuid is fearr d'fheidhmeanna uile an fhóin.

Airde fuaime: Tá fuaim níos airde ag roinnt fón ná a chéile. Is féidir an leibhéal na fuaime a athrú ar an gcuid is mó díobh.

Téacs (SMS) agus teachtaireachtaí Ilmheán (MMS): Is féidir leis na fóin póca ar fad agus cuid de na fóin seasta a úsáid chun téacsanna a sheoladh. Is féidir le cuid acu teachtaireachtaí ilmheán a sheoladh freisin, le fís, le fuaim agus le griangraif.

Méid an téacs: Tá na scáileáin taispeána níos mó i gcuid de na fóin. Tá an téacs níos mó nó is féidir an méid a athrú mura bhfuil an radharc go maith agat.

Codarsnacht sa scáileán taispeána: Tá an chodarsnacht a úsáidtear sna scáileáin níos fearr i roinnt de na fóin ná a chéile.

Eochaircheap soilsithe: Tá eochaircheapa ar chuid de na fóin póca a shoilsíonn sa dorchadas ionas gur féidir na huimhreacha agus na litreacha a léamh níos éasca.

Diailiú gutha: Leis seo is féidir leat duine a dhiailiú agus gan ach an ainm a rá, sé sin má tá uimhir an duine curtha isteach i 'leabhar teileafóin'an fhóin agat.
Eochracha mear-dhiailithe: Tá anchuid fóin lenar féidir uimhreacha áirithe agus eochracha áirithe a nascadh le chéile, agus má bhrúnn tú eochair díobh diailíonn sí an uimhir duit ar an dtoirt. I roinnt cásanna, bíonn comharthaí ar na heochracha ag léiriú

na feidhme atá leo, ar nós Dochtúir, Garda, nó Cúnamh. Tá seo an-acrach i gcomhair slándála má tá fadhbanna agat ag cuimhneamh ar uimhreacha.

Táscaire gealánach: Is féidir taispeáint ghealánach a bheith ar cuid de na fóin a chuireann in iúl duit le gealáin go bhfuil glaoch nó téacs ar an mbealach isteach.

Feidhm chreathaidh: Cuirfidh fón creathaidh in iúl duit trí chreathadh a dhéanamh go bhfuil glaoch nó téacs ag teacht isteach.

Seirbhísí acracha leathanbhanda agus idirlín.

Tríd an leathanbhanda tá roinnt bhealaí difriúla nó bealaí breise ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh. Is féidir le cuid de na bealaí seo a bheith níos éasca nó níos lú costais ar dhaoine le míchumas.

Glaonna ar an Idirlín: Tá seirbhísí éagsúla ar fáil ar an Idirlín chun glaonna beag-chostais, glaonna físe agus teachtaireachtaí téacs a dhéanamh. Is é an ainm a thugtar ar cheann de na seirbhísí beag-chostais mór-éilimh seo, ná Skype™

Teachtaireachtaí Meandaracha: Is féidir a rá gurbh ionann teachtaireachtaí meandaracha agus comhráití téacs á dhéanamh i bhfíoram. Tá go leor feidhmchlár de Theachtaireachtaí Meandaracha ar fáil saor in aisce agus is féidir cuid acu a úsáid fiú amháin le fón póca. Is iad na cláir is coitianta a thoghtar ná MSN Messenger, AIM, ICQ agus Yahoo Messenger.

Ríomhphost: Cuirtear teachtaireacht ríomhphoist ar an Idirlín ó dhuine amháin go dtí duine eile. Tá cuntas ríomhphoist de dhíth uait más áil leat ríomhphoist a chur nó a fháil. De ghnáth bíonn na cuntais seo saor ó chostas. Tá seirbhísí ríomhphoist a bhfuil ard-éileamh orthu á soláthar ag Google, Yahoo, agus Windows Live.

Billí agus faisnéis eile a léamh.

Má tá deacracht agat ag léamh téacs i gcló tá bealaí eile ann chun na faisnéise céanna a fháil.

Billí i bhformáidí eile: Má tá sé deacair agat an bille teileafóin a léamh, b'fhéidir go bhfaighfeá é a iarraidh i bhfoirm eile, cur i gcás i gcló mór, i mBraille, i bhfoirm ghutha nó i gcló soiléir. Nó b'fhéidir go mbeadh an bille ar fáil tríd an ríomhphost nó leagan so-thuigthe de le feiceáil ar láithreán gréasáin an tsoláthraí sheirbhíse.

Faisnéis eile: Is minic a bhíonn faisnéis maidir le seirbhísí agus faoin mbealach chun iad a shuiteáil ar fáil i bhfoirmeacha éasca, cur i gcás cló mór, Braille, gnáth-théacs, ríomhphost nó ar leathanaigh sothuigthe ar an ngréasáin.

Seirbhís a fháil ar líne: Bíonn seirbhísí á dtairiscint ag roinnt soláthraithe seirbhíse trí láithreáin gréasáin, seirbhísí ar nós féachaint ar do bhille nó athrú ó phacáiste amháin go dtí ceann eile.

Tacaíocht do Chustaiméirí.

Bíonn tacaíocht á tairiscint ag na soláthraithe seirbhíse go léir le haghaidh an trealaimh agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Tá an tacaíocht seo a leanas an-úsáideach.

Cúnamh suiteála: Is féidir cúnamh a bheith ar fáil le suiteáil an trealaimh agus na seirbhísí.

Treoracha d'úsáideoirí: Má ceannaíonn tú fón nua beidh treoir a úsáidte in éineacht leis. Má tá an treoir sin uait i bhfoirm eile, Braille cur i gcás, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse chun a fháil amach cad iad na roghanna atá ar fáil uathu.

Cúnamh le costais.

Is féidir leis na seirbhísí seo a leanas laghdú mór ar chur ar chostas úsáide do theileafóin duit.

An Liúntas Teileafóin: Is féidir le mór-chuid den lucht míchumais agus le seanóirí cúnamh a fháil le billí teileafóin ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, faoi scéim ar a dtugtar an Pacáiste Sochar Teaghlaigh. Lena fháil amach an bhfuil tú cáilithe chun a leithéid de chúnamh agus conas iarratas a dhéanamh ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (sonraí ar fáil faoin rannóg 'Faisnéis Teagmhála'ag bun na treorach seo)

Glaonna saor in aisce: Bíonn pacáistí ar fáil ó roinnt mhaith soláthraithe fón póca agus línte seasta a cheadaíonn duit glaonna saor in aisce a dhéanamh le daoine eile ach iad a bheith cláraithe leis an soláthraí céanna. Shábhálfadh sin cuid mhór airgid ar uimhreacha a ghlaonn tú go minic.

Trealamh saor in aisce: Bíonn cuid de na háiseanna nó na comhpháirteanna a bheadh uait ar ghléas fóin láimhe nó ar fhón póca ar fáil ó oibreoirí áirithe gan aon chostas breise nó ar phraghas laghdaithe. Déan teagmháil le do sholáthraí seirbhíse lena fháil amach cad tá ar fáil uathu.

Seirbhísí saor in aisce: Is féidir roinnt seirbhísí a bheith ar fáil saor in aisce ó sholáthraithe áirithe dá mbeadh gá agat lena leithéidí. Mar shampla más duine leochaileach tú ag brath ar an bhfón chun teagmhála agus cabhrach b'fhéidir go gcuirfí ar bharr tosaíochta tú maidir le lochtanna a dheisiú saor in aisce.

Cuacha SMS: Bíonn pacáiste speisialta á thairiscint ag oibreoirí d'fhóin póca áirithe ar a dtugtar Cuach Téacsanna. D'fhéadfá airgead a shábháil trí théacsanna a cheannach i gcuach i gcomparáid le téacsanna ar an ngnáth-phraghas.

Faisnéis Teagmhála.

Soláthraithe Seirbhíse.

Anseo thíos tá na sonraí teagmhála de na soláthraithe seirbhíse a raibh baint acu leis an dtreoir seo a chur le chéile.

BT Ireland,
BT Communications Ireland Ltd,
Ceann-Oifig,Grand Central Plaza,
Sráid na Canála Móire,
Uachtarach,
Baile Átha Cliath 4.
Fón: 1800 923 924 (Tacaíocht Dhíolacháin)
Fón: 1904 (Cúram Custaiméirí & Billeáil)
Láithreán Gréasáin: www.btireland.ie

Eircom,
Eircom Teo,
114 Faiche Stiabhna Thiar,
Baile Átha Cliath 2.
Fón: 1901
Láithreán Gréasáin: www.eircom.ie/disabilityservices

3 Mobile,
Hutchison 3G Ireland Teo.,
Bosca PO 333,
Baile Átha Cliath 2.
Ó do theileafón 3 mobile: 333
Ó fhóin póca/ó theileafóin eile: 083 333 3333
Úsáideoirí Minicom: 1800 944 032
Facs: 01 - 5426301
Láithreán Gréasáin: www.three.ie

Meteor,
Meteor Mobile Communications Teo.,
4030 Ascaill Kingswood,
Páirc Gnó Citywest,
Bóthar Náis,
Baile Átha Cliath 24.
Fón: 1905
Láithreán Greasáin: www.meteor.ie
Ríomhphost: info@meteor.ie

O2,
O2 Lárionad Cúnaimh na gCustaiméirí,
Bóthar Mhic Lochlainn,
An Pháirc Teicneolaíochta Náisiúnta,
Luimneach.
Fón: 1747 (Cúram Custaiméirí Réamhíoctha – 14c an glaoch)
Fón: 1909 (Cúram Custaiméirí a íocann go míosúil – Saor ó chostas)
Ríomhphost: customer.care@o2.ie
Láithreán Gréasáin: www.o2.ie

Vodafone,
Vodafone,
Radharc an tSléibhe,
Leopardstown,
Baile Átha Cliath 18.
Fón: 1850 20 87 87 (Custaiméirí 'Ready To Go'– Tá táille 'Callsave'i gceist)
Fón : 1907 (Custaiméirí a íocann go míosúil – Saor in Aisce)
Facs: 042 - 932 67 45 (Custaiméirí a íocann go míosúil)
Láithreán Gréasáin: www.vodafone.ie

Eagraíochtaí bainteach le míchumas.

Bhí na heagraíochtaí thíos rannpháirteach i ndéantús na treorach seo:

Daoine le Míchumais in Éirinn (DMCÉ),
4ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis,
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: 01 - 872 1744
Facs: 01 - 872 1771
Ríomhphost: info@pwdi.ie
Láithreán Gréasáin: www.pwdi.ie

Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann,
Cúirt Fumbally, Lána Fumbally,
Baile Átha Cliath 8.
Teileafón: 01 - 454 7978
Facs: 01 - 454 7981
Ríomhphost: info@disabilityfederation.ie
Láithreán Gréasáin: www.disabilityfederation.ie

Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn (CNDÉ),
Ceann-Oifig CNDÉ,
Bóthar Whitworth,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.
Teileafón: 1850 334 353
Facs: 01 830 7787
Ríomhphost: info@ncbi.ie

Cumann Náisiúnta na mBodhar,
35 Sráid Frederick Thuaidh,
Baile Átha Cliath1.
Teileafón: 01 872 3800
Minicom: 01 817 5777
Facs: 01 878 3692
Ríomphost: nad@iol.ie
Téacsanna: 01 878 3692
Fón físe: 01 817 1400

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg),
Is é ComReg an rialálaí ar earnáil na cumarsáide (teileachumarsáid, cumarsáid raidió, agus craoladh) agus ar earnáil an phoist.

Bloc DEF, Cúirt na Mainistreach,
Lárionad Irish Life,
Sráid na Mainistreach, Íocht.,
Baile Átha Cliath 1.
Ríomhphost: consumerline@comreg.ie
Príomh-Láithreán Gréasáin: www.comreg.ie
Láithreán na dTomhaltóirí: www.askcomreg.ie
Láithreán Comparáide na nOibreoirí : www.callcosts.ie

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM),
Is é an tÚNM an príomhchomlacht stáit a bhaineann le cúrsaí míchumais agus tugann siad sainchomhairle don Rialtas maidir le polasaí agus cleachtas.

25 Bóthar Chluaidh,
Baile Átha Cliath 4.
Teileafón: 01-608 0400
Facs: 01-660 9935
Ríomhphost: nda@nda.ie
Láithreán Gréasáin: www.nda.ie

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST),
Is í an RGST atá i bhfeighil an Phacáiste Sochar Teaghlaigh. Mar chuid den phacáiste seo tá an Scéim Teileafóin Saor in Aisce a d'fhéadfadh an ceart chun fóirdheontais a thabhairt
duit ar fhón póca nó ar fhón seasta. Ag seo a leanas na sonraí teagmhála do chraobh Shligigh, áit a bhfuil an ceann-oifig i bhfeighil an Phacáiste Sochar Teaghlaigh:

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh,
Bóthar an Choláiste,
Sligeach.
Teileafón: 1890 500 000
Láithreán Gréasáin: www.welfare.ie

Séanadh Dlíthiúil.

D’Ullmhaíomar an cháipéis seo ó ilchuasach d’fhoinsí. Cé gur thugamar aire réasúnach lena hullmhú, ní ghlacaimid le freagracht ar bith as cailliúint nó damáiste ar bith a tharlódh do dhuine ar bith trí fhaisnéis ar bith inti a úsáid.

Meán Fómhair 2007.